Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**10301/18**

**SOC 430**
**EMPL 351**
**FIN 485**
**MI 485**
**EDUC 263**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 21 Meitheamh 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9497/18 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 6/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa – *Free Movement of Workers - the fundamental freedom ensured but better targeting of EU funds would aid worker mobility* [Saorghluaiseacht Oibrithe - déantar saoirse bhunúsach oibrithe a áirithiú ach chun leas soghluaisteacht oibrithe a bheadh sé cistí an Aontais a spriocdhíriú níos fearr]<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 6/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa - *Free Movement of Workers - the fundamental freedom ensured but better targeting of EU funds would aid worker mobility* [Saorghluaiseacht Oibrithe - déantar saoirse bhunúsach oibrithe a áirithiú ach chun leas soghluaisteacht oibrithe a bheadh sé cistí an Aontais a spriocdhíriú níos fearr]- a ghlac an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici ar an 21 Meitheamh 2018.

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 6/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa - *Free Movement of Workers - the fundamental freedom ensured but better targeting of EU funds would aid worker mobility* [Saorghluaiseacht Oibrithe - déantar saoirse bhunúsach oibrithe a áirithiú ach chun leas soghluaisteacht oibrithe a bheadh sé cistí an Aontais a spriocdhíriú níos fearr]**

**Conclúidí ón gComhairle**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 6/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus na freagraí mionsonraithe ón gCoimisiún uirthi sin;

2. CUIREANN SÍ i dtreis tráthúlacht na tuarascála, i bhfianaise gur tábhachtaí anois ná riamh sreabhadh na soghluaisteachta san Aontas;

3. TÁ SÍ AR COMHAIGNE leis an méid a d'aithin an Chúirt go bhfuil saoirse bhunúsach saorghluaiseachta oibrithe á háirithiú ach go bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh go fóill chun soghluaisteacht an lucht saothair a éascú;

4. AITHNÍONN SÍ an obair thábhachtach atá déanta ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit cheana chun an tsaoirse bhunúsach seo a áirithiú de bhíthin na reachtaíochta, í a chur chun feidhme agus a fhorghníomhú mar is ceart, agus cistiú leordhóthanach a dhéanamh ina leith;

5. MEASANN SÍ go mbaineann na moltaí a rinne an Chúirt Iniúchóirí le hábhar agus go gcuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit san áireamh iad chun gur féidir a gcuid beartas agus uirlisí a fheabhsú lena ndírítear ar shaorghluaisteacht oibrithe a chur chun cinn;

6. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tiomantas do phrionsabal na saorghluaiseachta oibrithe, ar cloch choirnéil chomhdhlúthú an mhargaidh aonair é, lena n-áirithítear go gcuirfí deireadh leis na baic ar shoghluaisteacht an lucht saothair, go gcuirfí creat stóinseach na rialacha chun feidhme i gceart agus go héifeachtach, agus de bhíthin na n-uirlisí atá i bhfeidhm go rannchuidítear leis an tsoghluaisteacht a éascú;

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé feasacht a ardú i measc shaoránaigh an Aontais i leith uirlisí ar aidhm leo faisnéis ar shaoirse gluaisteachta oibrithe a sholáthar agus fíormhargadh fostaíochta de chuid na hEorpa a chruthú, go háirithe mar gheall ar an athchóiriú ar sheirbhísí Eorpacha fostaíochta, lena n-airítear cur chun feidhme Rialachán EURES faoi láthair;

8. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé go mbeidh sonraí ar fáil lena mbeifear in ann faireachán níos fearr a dhéanamh ar shreabhadh soghluaisteachta agus tuiscint níos fearr a fháil air sin, rud a rannchuideoidh le feabhas a chur ar bheartais agus ar uirlisí de chuid an Aontais;

9. AITHNÍONN SÍ go bhfuil tionscnaimh ar bun ar aidhm leo a áirithiú go ndéanfar rialacha an Aontais maidir le soghluaisteacht an lucht saothair a fhorfheidhmiú ar bhealach cothrom simplí éifeachtach;

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur tábhachtach sineirgí níos mó idir uirlisí maoiniúcháin a áirithiú lena dtugtar aghaidh ar shoghluaisteacht an lucht saothair, agus sa mhéid sin

11. Á MHEABHRÚ DI gur cheart aird chuí a thabhairt ar na moltaí a rinneadh sa Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, i gcás na caibidlíochta atá ar na bacáin maidir leis an gcéad ghlúin eile de chláir mhaoiniúcháin, gan dochar don toradh deiridh a bheidh ar an bplé sin.